Bileoga nua eolais ar Achomhairc Phleanála, Tuairimí agus Achomhairc faoin Acht um Rialú Foirgníochta

Lúnasa 2019

Mar eagraíocht a mbíonn caidreamh rialta aige leis an bpobal, aithníonn an Bord Pleanála a thábhachtaí atá sé eolas a chur ar fáil go beacht. Tá an t-eolas agus an treoir ghinearálta á athbhreithniú ag an mBord Pleanála i láthair na huaire, chun caighdeáin an Bhéarla shoiléir a chomhlíonadh, nuair is féidir.

In Lúnasa 2019, foilseofar eolas athcheartaithe ar:

- Conas Achomharc Pleanála a Dhéanamh
- Conas Tuairim ar Achomharc Pleanála a Thabhairt, agus
- Éisteacht ó Bhéal a Iarraidh ar Achomharc Pleanála.

Cuireadh an t-eolas seo ar fáil i mBéarla soiléir agus cháiligh sé do Mharc an Bhéarla Shoiléir ó NALA [Tá leathanach i mBéarla] (Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh). Tá na treoracha ar fáil mar leathanaigh ghréasáin agus is féidir iad a íoslódáil mar PDFanna. Tá siad ar fáil i gcóip chrua ón oifig fáilte nó trí iad a iarraidh orainn.

Is cuid de thionscadal fadtéarmach iad na trí threoir seo chun eolas don phobal a chur ar fáil i mBéarla soiléir agus mar ullmhúchán don láithreán gréasáin nua.

Conas achomharc pleanála a dhéanamh

Tá an Bord Pleanála tar éis an t-eolas in conas achomharc pleanála a dhéanamh a chur i mBéarla soiléir. Tá foirm curtha ar fáil ag an mBord Pleanála, a chabhróidh leat an t-achomharc a dhéanamh, mar chuid den treoir eolais athcheartaithe seo. Tá seicliosta curtha ar fáil againn, leis, mar threoir ionas gur féidir leat achomharc bailí a dhéanamh. Ach ní gá duit an fhoirm ná an seicliosta a úsáid chun go mbeidh d'achomharc bailí agus is féidir achomharc i scríbhinn a dhéanamh i gcónaí.

Gheofar an t-eolas seo sa chuid den suíomh gréasáin www.pleanala.ie a bhaineann le hachomhairc phleanála athcheartaithe, agus i bhfoirm cóip chrua ón oifig fáilte nó trí ceann a iarraidh orainn.

Conas tuairim ar achomharc pleanála a thabhairt

Tá treoir nua eolais curtha i dtoll a chéile againn faoin tslí le tuairim ar achomharc pleanála a thabhairt. Faoi mar a rinneamar i gcás achomharc, tá seicliosta curtha ar fáil againn, leis, mar threoir ionas gur féidir leat tuairim bhailí a thabhairt. Ach ní gá duit an fhoirm ná an seicliosta a úsáid chun go mbeidh d'achomharc bailí agus is féidir achomharc i scríbhinn a dhéanamh i gcónaí.

Gheofar an t-eolas seo sa chuid den suíomh gréasáin www.pleanala.ie, agus i bhfoirm cóip chrua ón oifig fáilte nó trí ceann a iarraidh orainn.

Iarratas ar éisteacht ó bhéal

Tá eolas foilsithe againn ar an tslí le hiarratas ar éisteacht ó bhéal a dhéanamh.

Cead achomhairc agus an tslí a ndéanann an Bord a chinneadh

Gheofar eolas ar an tslí le hiarratas ar chead achomhairc a dhéanamh agus ar an tslí a ndéanann an Bord cinneadh inár gCeisteanna Coitianta. Beidh treoracha ar chead achomhairc agus ar an tslí a ndéanann an Bord cinneadh á dtabhairt isteach againn ar ball.

Gheofar an t-eolas seo sa chuid den suíomh gréasáin www.pleanala.ie a bhaineann le hachomhairc phleanála athcheartaithe, agus i bhfoirm cóip chrua ón oifig fáilte nó trí ceann a iarraidh orainn.

Achomhairc faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta

Foilsíodh eolas ar achomhairc faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta le déanaí, leis. Clúdaíonn na treoracha na hachomhairc seo a leanas:

- Achomharc maidir le Deimhniú Sábháilteachta ar Dhóiteán [PDF, 389kb]
- Achomharc maidir le Deimhniú Sábháilteachta ar Dhóiteán Leasaithe [PDF, 389kb]
- Achomharc maidir le Deimhniú Thabhairt chun Rialtachta [PDF, 389kb]
- Achomharc maidir le Díolúine [PDF, 380kb]
- Achomharc maidir le Maolú [PDF, 380kb]
- Achomharc maidir le Rochtain Míchumais [PDF, 393kb]
- Achomharc maidir le Rochtain Míchumais Leasaithe [PDF, 393kb]

Tá foirm agus seicliosta ar fáil, leis. Gheofar an t-eolas seo ar www.pleanala.ie faoin táb “Cásanna Eile”. Tá siad ar fáil i gcóip chrua ón oifig fáilte nó ach iad a iarraidh orainn.

Eolas breise

Gheofar faisnéis bhreise ach é a iarraidh orainn.